**Cuntas Leithreasa 2013**

# Vóta 27

# Comhar Idirnáisiúnta

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 27, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 ar Chúnamh Forbartha Oifigiúil ar leith, lena n-áirítear deontais-i-gcabhair ar leith agus ar ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta ar leith atá rannpháirteach i gCúnamh Forbartha agus ar thuarastail agus caiteachais i ndáil leo sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2013, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €3.78 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 7.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

***Dímheas***

Rinneadh dímheas ar fheithiclí de réir méid chothroim ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

Ní dhéantar na foirgnimh a dhímheas.

***Idirbhearta Rátaí Malairte***

Aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn ar airgeadraí inmhalartaithe go Euro ag an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm ag dáta an ghlanta. Ag leibhéal misin na tíre cláir, aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn ar airgeadraí neamh-inmhalartaithe go Euro ag ráta malartaithe an mhargaidh a bhíonn i bhfeidhm ag tús na seachtaine.

***Aisíocaíochtaí Deontas***

Déantar deontais a maoiníodh ón gciste déthaobhach agus ón gcomharchiste eile (deontas-i-gcabhair) a aisíoc leis an gciste nuair a fhaightear iad.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Timpeallacht Rialaithe Inmheánaigh a Fheabhsú**

Baineann rioscaí dúchasacha le Cúnamh Forbartha agus aithním na rioscaí sin agus déanaim iarracht iad a bhainistiú agus a mhaolú. Tá rialuithe láidre i bhfeidhm ag an gceannoifig, mar a leagtar amach thuas, agus cuireann na rialuithe seo a leanas leo sna Príomhthíortha atá i gComhpháirt linn.

- Chomh maith leis an Ambasadóir, tá Ceann Forbartha atá freagrach as an gclár cúnaimh a bhainistiú, ag gach Ambasáid.
- Tugann speisialtóirí forbartha agus comhairleoirí cláir, a earcaítear go háitiúil agus a bhíonn cáilíochtaí sna réimsí ábhartha acu, tacaíocht don Ambasadóir agus don Cheann Forbartha sna cláir mhóra.
- Tá próiseas ceadaithe agus pleanála láidir, ilbhliantúil ann do gach Clár Tíre, lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar Chlár Straitéise Tíre (CSP) a dhéanann an Grúpa Meastóireachta & Breithmheasa (PAEG) a cheadú agus a mheas; athbhreithniú lártéarma ar an gClár; agus meastóireacht deiridh ar an gClár nuair a thagann deireadh leis an téarma CSP agus sula dtosaítear ag ullmhú an CSP nua.

- Ina theannta sin, tá próiseas pleanála gnó bliantúil láidir ar bun ag gach Misean, lena n-áirítear measúnú ar rioscaí maidir le cur i bhfeidhm plean gnó agus tá rialuithe i bhfeidhm chun an riosca sin a bhainistiú. Déantar na pleananna agus cláir rioscaí sin a fhorbairt i gcomhar le Cheannoifig agus déantar monatóireacht orthu agus iad a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil.
- Tá feidhm airgeadais ar bun go háitiúil ag gach Ambasáid, faoi cheannas cheann airgeadais cuícháilithe a thuairiscíonn chuig an Ambasadóir agus chuig an Roinn Airgeadais sa Cheannoifig.
- Tá Lámhleabhar Nósanna Imeachta Airgeadais i bhfeidhm ina leagtar amach na nósanna imeachta atá le leanúint i ndáil le gach íocaíocht, ag Cheannoifig agus ag na Príomhthíortha atá i gComhpháirt linn.
- Chomh maith leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh ag Cheannoifig (an tAonad Iniúchta agus Meastóireachta), tá a feidhm iniúchta inmheánaigh féin ag gach Tír atá i gComhpháirt linn, faoi cheannas chuntasóir cuícháilithe a thuairiscíonn go díreach chuig an Ambasadóir agus chuig an Aonad Iniúchta agus Meastóireachta.

Thug mé treoir don Aonad Iniúchta agus Meastóireachta i rith 2013 cuairt a thabhairt ar gach ceann de na tíortha atá i gcomhpháirt linn chun measúnú a dhéanamh ar na córais bainistithe riosca agus ar na rialuithe inmheánacha atá ar bun chun bainistiú foriomlán a dhéanamh ar na cláir tíre. Cé go raibh mar thátal ginearálta ag an Tuarascáil Chumaisc go bhfuil na córais sna tíortha atá i gcomhpháirt linn go maith/leordhóthanach agus go gcuireann siad béim mhór ar chuntasacht, aithníodh roinnt saincheisteanna sistéamacha, i ndáil le doiciméadú córais go príomha. Glactar leis na moltaí sa tuarascáil chumaisc sin maidir leis an measúnú ar rialú inmheánach agus córais bainistithe riosca agus áirítear cur i bhfeidhm na moltaí mar aschur tosaíochta i bPlean Gnó 2014 don Rannán um Chomhoibriú Forbartha agus sna Pleananna Gnó ó na Misin sna Príomhthíortha atá i gComhpháirt Linn.

Tá obair ar bun go háirithe chun córais bainistithe riosca a neartú ar feadh na Roinne – lena n-áirítear córas deaise riosca – ar córas foirmiúil é a leagtar amach chun an bhainistíocht a chur ar an eolas go tapa maidir le rioscaí áirithe (rioscaí polaitiúla, eacnamaíochta, slándála, etc.) a d'fhéadfadh cur isteach ar sheachadadh an chláir chúnaimh. Bainfear úsáid as an dea-chleachtas a aithníodh i roinnt de na príomhthíortha atá i gcomhpháirt linn maidir le próifílí riosca in eagraíochtaí, modúlacht clár agus leibhéil comhpháirtithe a fhorbairt mar fhaisnéis ag an obair chun córais bainistithe riosca a threisiú.

Táim tiomanta a chinntiú go leanfaimid orainn ag neartú ár gcóras aitheanta agus bainistithe riosca agus go leanfar ag déanamh monatóireachta agus iniúchta leis an mbaol go mbainfí mí-úsáid as cistí amach anseo a íoslaghdú.

**David Cooney**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

28 Márta 2014

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

8 Meán Fómhair 2014

# Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta
# Cuntas Leithreasa 2013

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Obair ar an mbochtanas agus ar laghdú an ocrais | 497,079 | 493,300 | 508,721 |
| | **Ollchaiteachas** | **497,079** | **493,300** | **508,721** |
| | *Bain de:* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,150** | **1,156** | **1,419** |
| | **Glanchaiteachas** | **495,929** | **492,144** | **507,302** |

**Farasbarr le tabhairt suas**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime dlite le tabhairt suas don Státchiste.

| | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 3,784,641 | 5,575,080 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 15,821 | 15,370 | 15,927 |
| ii | Taisteal agus cothú | 2,200 | 2,171 | 2,038 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 2,450 | 1,432 | 1,134 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,720 | 1,324 | 1,527 |
| v | Fearais oifige agus soláthairtí eile oifige agus seirbhísí bainteacha | 1,630 | 1,139 | 1,178 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 3,205 | 2,838 | 3,355 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 1,000 | 423 | 588 |
| viii | Costais ionadaíochta agus lóistín thar lear | 1,600 | 1,174 | 1,174 |
| | | 29,626 | 25,871 | 26,921 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 467,429 | 481,800 |
| Pá | | 15,370 | 15,927 |
| Caiteachas eile | | 10,501 | 10,994 |
| **Ollchaiteachas** | | **493,300** | **508,721** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,156** | **1,419** |
| **Glanchaiteachas** | | **492,144** | **507,302** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (237) | | |
| Diúscairtí airgead tirim | 105 | | |
| Brabach ar dhiúscairtí | (104) | | |
| Dímheas | 296 | | |
| | | 60 | 441 |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar ghlan-réamhíocaíochtaí deiridh | 3,570 | | |
| Laghdú ar stoc | 1 | | |
| | | 3,571 | 33 |
| **Costas glan clár** | | **495,775** | **507,776** |

Nochtar an caiteachas íoctha ar vótaí eile agus na cíosanna barúlacha gaolmhara don chlár seo i nóta 1 de Vóta 28 – An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | 8,183 | 9,011 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 7,888 | 4,590 |
| Stoic | 2.3 | 19 | 20 |
| Réamhíocaíochtaí [1] | | 6,819 | 10,238 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.4 | 99 | 11 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **14,825** | **14,859** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 330 | 179 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.5 | 114 | 106 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.6 | 1,253 | (74) |
| Ciste chúnamh déthaobhach agus chúnamh eile (deontas-i-gcabhair) | 7 | 6,620 | 4,569 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **8,317** | **4,780** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **6,508** | **10,079** |
| **Glansócmhainní** | | **14,691** | **19,090** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **14,691** | **19,090** |

[1] Cuimsíonn réamhíocaíochtaí €5.49 milliún (2013: €8.9 milliún) a íocadh chuig Ciste Forbraíochta na hEorpa mar chuid de ranníocaíocht mheasúnaithe na hÉireann do 2014.

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | Nóta | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 19,090 | 19,564 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 495,929 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (3,785) | | |
| Vóta glan | | | 492,144 | 507,302 |
| Coigeartú sócmhainne seasta | | | (768) | — |
| Costas glan clár | 1 | | (495,775) | (507,776) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | 14,691 | 19,090 |

## 2.2 Sócmhainní Caipitil

| | Talamh agus Foirgnimh | Trealamh | Trealamh Oifige | Troscán agus Feistis | Feithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2013 | 8,308 | 1,014 | 733 | 1,686 | 2,155 | 13,896 |
| Breiseanna | — | 14 | 17 | 6 | 200 | 237 |
| Diúscairtí | — | (2) | (14) | (1) | (116) | (133) |
| Díluacháil sócmhainní seasta[1] | (669) | (47) | (208) | (571) | 82 | (1,413) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2013 | 7,639 | 979 | 528 | 1,120 | 2,321 | 12,587 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2013 | — | 966 | 681 | 1,289 | 1,949 | 4,885 |
| Dímheas don bhliain | — | 24 | 33 | 76 | 163 | 296 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (1) | (14) | (1) | (116) | (132) |
| Dímheas ar shócmhainní seasta a dhíscríobhadh | — | (26) | (220) | (492) | 93 | (645) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2013 | — | 963 | 480 | 872 | 2,089 | 4,404 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **7,639** | **16** | **48** | **248** | **232** | **8,183** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2012** | **8,308** | **48** | **52** | **397** | **206** | **9,011** |

[1] Rinneadh athbhreithniú i rith na bliana ar shócmhainní seasta inar aithníodh míreanna a raibh luach comhlán €1,413,000 acu agus glanluach €768,000 de réir na leabhar acu ach nár shócmhainní de chuid na Roinne iad (m.sh. deisithe nó athchóirithe ar áitribh ar cíos) nó a bhain le sócmhainní a bhronnadh nó a diúscraíodh.

## 2.3 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 19 | 20 |

## 2.4 Iarmhéideanna Eile Dochair

| ag 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Ilfhéichiúnaithe | 99 | 11 |

## 2.5 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa

| ag 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Seirbhísí Gairmiúla Cháin Shiarchoinneálach | 106 | 68 |
| Cáin Bhreisluacha | 8 | 38 |
| | 114 | 106 |

## 2.6 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 3,785 | 5,575 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (2,532) | (5,649) |
| Glandliteanas don Státchiste | 1,253 | (74) |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 7,888 | 4,590 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 99 | 11 |
| | 7,987 | 4,601 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (114) | (106) |
| Ciste Déthaobhach agus ciste comhoibrithe eile (deontas-i-gcabhair) | (6,620) | (4,569) |
| | (6,734) | (4,675) |
| | 1,253 | (74) |

## 2.7 Ceangaltais

Is éard atá sna figiúirí ceangaltais a luaitear thíos ná iomlán na suimeanna infhorfheidhmithe de réir dlí atá le híoc in 2014 agus baineann siad le híocaíochtaí cíosa maoine thar lear agus le ceangaltais riaracháin eile.

Déantar anailís ar cheangaltais de réir dáta éagtha conartha.

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Dlite laistigh de 12 mhí | 584 | 614 |
| Dlite idir bliain amháin agus cúig bliana | 1,269 | 1,277 |
| | 1,853 | 1,891 |

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Obair ar an mbochtanas agus ar laghdú an ocrais** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 15,821 | 15,370 | 15,927 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 13,805 | 10,501 | 10,994 |
| A.3 | Íocaíocht don chiste deontais-i-gcabhair do chomhoibriú déthaobhach agus comhoibriú eile (deontas-i-gcabhair) | 337,903 | 337,903 | 357,303 |
| A.4 | Cúnamh Daonnúil Éigeandála | 60,000 | 59,979 | 51,000 |
| A.5 | Íocaíochtaí le cistí idirnáisiúnta chun leasa na dtíortha i mbéal forbartha | 30,000 | 30,000 | 33,999 |
| A.6 | Ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus gníomhaireachtaí forbartha eile | 39,550 | 39,547 | 39,498 |
| | | 497,079 | 493,300 | 508,721 |

**Athruithe suntasacha**
Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €3.78 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná soláthartha €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 3,304 | Baineadh amach an coigealtas trí shrianta a chur ar chostais a bhain le gach ceannteidil riaracháin neamhphá, agus go háirithe leo siúd a bhain le caiteachas teagmhasach, cúrsaí poist agus teileachumarsáide, soláthairtí oifige agus comhairleachta. |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2013** | | **2012** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Leithreasaí-i-gcabhair | 370 | 390 | 620 |
| 2. | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 780 | 766 | 799 |
| | **Iomlán** | 1,150 | 1,156 | 1,419 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach ceannteideal a raibh éagsúlacht de bhreis is €100,000 agus de bhreis is 5% idir an méid a measadh agus an méid a bhí ann ag deireadh na bliana. Níor chomhlíon aon toradh ar an Vóta na critéir seo in 2013.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | 189 | 189 |

| | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 13,745 | 14,285 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 35 | 35 |
| Liúntais eile | 24 | 28 |
| Ragobair | 90 | 61 |
| ÁSPC an Fhostóra | 782 | 796 |
| **Pá Iomlán** | **14,676** | **15,205** |

Ní chuireann na figiúirí iomlána pá thuas san áireamh caiteachas neamhphá a ghearrtar do thuarastail, do phá agus do liúntais. Tá an caiteachas seo déanta go príomha as tuarastail agus as costais ghaolmhara d'fhoireann slándála i misin.

**5.1 Liúntais agus íocaíochta ragoibre**

| | **Líon na bhFaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **Uasíocaíocht Aonair** | **Uasíocaíocht Aonair** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2013** | **2012** |
| | | | **€** | **€** |
| Dualgais níos airde, speisialta nó breise | 5 | 1 | 16,585 | 16,469 |
| Liúntais eile | 12 | — | 6,904 | 6,928 |
| Ragobair | 64 | 2 | 10,490 | 10,644 |

Fuair daoine aonair áirithe breis luach saothair i mbreis agus catagóir amháin.

**5.2 Luach Saothair Eile**

Cuireadh próiseas iomaíoch soláthair i bhfeidhm nuair ba ghá é agus athfhostaíodh ceathrar státseirbhíseach scortha atá ag fáil pinsean státseirbhíse. Íocadh €48,646 san iomlán leo mar tháillí as an obair a rinne siad.

# 6 Míreanna Ilghnéitheacha

### 6.1 Ranníocaíochtaí do ghníomhaireachtaí Náisiún Aontaithe agus do ghníomhaireachtaí forbartha eile (A.6)

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP) | 8,980 | 8,900 |
| Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe (UNICEF) | 8,200 | 8,200 |
| Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe (UNHCR) | 6,100 | 6,100 |
| Cláir na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) | 1,200 | 1,200 |
| Ciste Dhaonra na Náisiún Aontaithe | 3,200 | 3,181 |
| Oifig Ard-Choimisinéara na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine | 2,000 | 1,950 |
| UNAIDS | 3,000 | 3,000 |
| Ciste Forbraíochta na Náisiún Aontaithe do Mhná (UNIFEM) | 1,500 | 1,500 |
| Clár Idirnáisiúnta Rialaithe Drugaí na Náisiún Aontaithe | — | 100 |
| Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na Náisiún Aontaithe | 541 | 418 |
| Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNWRA) | 4,000 | 4,000 |
| Ciste Iontaobhais UNEP | 57 | 57 |
| Deonaigh na Náisiún Aontaithe | 460 | 450 |
| Eile – ilghnéitheach | 309 | 442 |
| | 39,547 | 39,498 |

### 6.2 Calaois agus Calaois Amhrasta

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Calaois Amhrasta – comhlachtaí deontas tríú páirtí | 50 | 70 |

Is de nádúr cúnamh forbartha go mbeadh rioscaí ag baint leis lena n-áirítear baol calaoise. Tá rialuithe láidre agus éifeachtacha i bhfeidhm sa phríomhoifig agus sna príomhthíortha comhpháirtíochta chun na rioscaí sin a mhaolú, mar atá leagtha amach sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais. De réir nósanna imeachta na Roinne, déantar iniúchadh ar gach líomhain faoi chalaois amhrasta agus seoltar tuairisc faoi na sonraí chuig Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Nuair a tharlaíonn calaois déantar gach iarracht chun cistí Chúnamh na hÉireann a ndearnadh mí-leithghabháil orthu a fháil ar ais.

Aithníodh calaois amhrasta in 2013 i meicníocht mhaoinithe comhthiomsaithe ilpháirtí arbh é thart faoi €50,000 sciar maoinithe Chúnamh na hÉireann. Aithníodh calaois amhrasta in 2012 freisin i meicníocht mhaoinithe comhthiomsaithe ilpháirtí. Sa chás sin, measadh gurbh é thart faoi €70,000 sciar maoinithe Chúnamh na hÉireann.

# 7 Míreanna Ilghnéitheacha

**7.1 Cuntas ciste (deontas i gcabhair) déthaobhach agus cistí comhoibrithe eile**

**Cuntas na bhFáltas agus na n-Íocaíochtaí don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir 2013 | 4,569 | 4,156 |
| Deontas-i-gcabhair 2013 | 337,903 | 357,303 |
| | 342,472 | 361,459 |
| Caiteachas don bhliain | (336,103) | (356,890) |
| Méideanna a aisíocadh i rith na bliana | 251 | — |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig 2013 | 6,620 | 4,569 |

Ina theannta sin, ag 31 Nollaig 2013, bhí iarmhéideanna neamhchaite ar luach iomlán €4.1 milliún (2012: €8.93 milliún) á gcoimeád i gcuntais bhainc agus iad á rialú ag Ambasáidí agus oifigí Cúnaimh Éireannacha in aon tír déag.

Chomh maith leis sin seoladh ar ais aisíocaíochtaí deontais arbh fhiú €322,000 iad chuig Ambasáidí na hÉireann agus oifigí Chúnamh Éireann in 2013 i ndáil le tionscadail nár úsáideadh iomlán na gcistí a leithdháileadh orthu.

I rith 2013, rinneadh an maoiniú mí-leithghafa de €4.13 milliún a d'aisíoc na húdaráis i Uganda i mí na Nollag 2012 a íoc amach mar chuid den chlár déthaobhach do Uganda agus de réir na meicníochtaí athbhreithnithe chun an clár seo a sheachadadh. Mar chuid de na nósanna imeachta athbhreithnithe sin, rinneadh €6.1 milliún a bhí íoctha amach in 2011 chuig an Aireacht Oideachais agus Spóirt i Uganda a aisíoc le linn 2013 agus rinneadh comhaontú le gníomhaire bainistithe neamhspleách chun an clár a sheachadadh. Rinneadh an €6.1 milliún aisíoctha a íoc amach chuig an gníomhaire bainistithe in 2013.